# RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/1338 ÓN gCOIMISIÚN

**an 11 Lúnasa 2021**

**lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/373 maidir le ceanglais tuairiscithe agus bealaí tuairiscithe idir eagraíochtaí, agus ceanglais maidir le seirbhísí meitéareolaíocha**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2018 maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse na heitlíochta sibhialta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta na hEorpa, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005, Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008, Rialachán (AE) Uimh. 996/2010, Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 agus Treoir 2014/30/AE agus Treoir 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 552/2008 agus Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CEE) Uimh. 3922/91 ([1]) ón gComhairle, agus go háirithe Airteagal 43(1), pointe (a) agus (f), Airteagal 62(15), pointe (a) agus (c), agus Airteagal 72(5) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leagtar síos le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/373 ([2]) ceanglais choiteanna le haghaidh soláthraithe seirbhísí bainistithe aerthráchta/seirbhísí aerloingseoireachta agus feidhmeanna líonra bainistithe aerthráchta eile maidir le aerthrácht ginearálta agus maoirseacht ina leith.

(2) I gcomhréir le pointe 5.1(g) d'Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/1139, tá soláthraithe seirbhíse le córas tuairiscithe tarluithe a bhunú mar chuid dá gcóras bainistíochta chun rannchuidiú le feabhsú leanúnach ar shábháilteacht. Chun comhlíonadh agus cur chun feidhme aonfhoirmeach an cheanglais fhíor-riachtanaigh seo a áirithiú, agus chun a áirithiú go ndéanfar na forálacha a eascraíonn as sin a ailíniú le Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]) maidir le tarluithe san eitlíocht shibhialta a thuairisciú, leis an anailís a dhéantar orthu agus leis na bearta leantacha a dhéantar ina leith, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/373 a leasú dá réir.

(3) An 7 Márta 2018 agus an 9 Márta 2020, ghlac an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO) Leasú 78 agus Leasú 79, faoi seach, ar Iarscríbhinn 3 a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta, a síníodh an 7 Nollaig 1944 in Chicago ('Coinbhinsiún Chicago') arb é is aidhm dó, i measc nithe eile, comhchuibhiú a fheabhsú maidir le malartú breathnóireachtaí agus tuarascálacha meitéareolaíochta (gnáth-thuarascálacha meitéareolaíocha d'aeradróim (METAR)/tuarascálacha speisialta meitéareolaíocha d'aeradróim (SPECI), réamhaisnéisí aeradróim (TAF), faisnéis a bhaineann le feiniméin aimsire ar bhealach a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar shábháilteacht oibríochtaí aerárthaí (SIGMET), faisnéis a bhaineann le feiniméin aerárthaí ar bhealach a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar shábháilteacht oibríochtaí aerárthaí íseal-airde (AIRMET), faisnéis chomhairleach maidir le luaithreamhán bolcánach agus le cioclón trópaiceach, faisnéis chomhairleach maidir le haimsir spáis, srl) i dtimpeallacht uile-chórais bainistíochta faisnéise atá comhlíontach le SWIM. Tá na leasuithe sin infheidhme i Stáit Chonarthacha ICAO ón 8 Samhain 2018 agus ón 5 Samhain 2020, faoi seach, cé is moite d'fhormáid METAR, a bhfuil a dháta cur i bhfeidhm ailínithe leis an dáta cur i bhfeidhm, an 12 Lúnasa 2021, le haghaidh an fhormáid dhomhanda tuairiscithe nua ('GRF') maidir le staid dromchla an rúidbhealaigh. Ba cheart na caighdeáin idirnáisiúnta agus na cleachtais mholta sin a léiriú i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/373, go háirithe sna ceanglais shonracha eagrúcháin do sholáthraithe seirbhísí meitéareolaíocha a leagtar amach in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin.

---

([1]) IO L 212, 22.8.2018, lch. 1.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/373 ón gCoimisiún an 1 Márta 2017 lena leagtar síos ceanglais choiteanna le haghaidh soláthraithe seirbhísí bainistithe aerthráchta/seirbhísí aerloingseoireachta agus feidhmeanna bainistithe líonra eile a maoirseacht, lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 482/2008, Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1034/2011, (AE) Uimh. 1035/2011 agus (AE) 2016/1377 agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 677/2011, (IO L 62, 8.3.2017, lch. 1).

([3]) Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Aibreán 2014 maidir le tarluithe san eitlíocht shibhialta a thuairisciú, leis an anailís a dhéantar orthu agus leis na bearta leantacha a dhéantar ina leith, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 996/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 2003/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1321/2007 ón gCoimisiún agus Rialachán (CE) Uimh. 1330/2007 ón gCoimisiún (IO L 122, 24.4.2014, lch. 18);

(4) Ceann de na heilimintí cumasúcháin le haghaidh GRF maidir le staid dromchla an rúidbhealaigh chur chun feidhme is ea formáid SNOWTAM, ar cheart a threoracha maidir le cur i gcrích a bheith i gcomhréir leis na Nósanna Imeachta ICAO is déanaí maidir le Seirbhísí Aerloingseoireachta – Bainistiú Faisnéise Aerloingseoireachta ([4]), agus ba cheart go mbeidís i gcomhréir freisin le Rialachán (AE) 965/2012 ([5]) ón gCoimisiún agus le Rialachán (AE) 139/2014 ([6]) ón gCoimisiún.

(5) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/637 a leasú dá réir.

(6) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo bunaithe ar Thuairim Uimh. 01/2021 ([7]) ó Ghníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh (EASA) i gcomhréir le hAirteagal 75(2)(b) agus Airteagal 76(1) de Rialachán (AE) 2018/1139.

(7) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gcoiste arna bhunú le hAirteagal 127 de Rialachán (AE) 2018/1139,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinní I, II, III, V agus VI a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/373 i gcomhréir le hIarscríbhinn I go hIarscríbhinn V, faoi seach, a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag pointe 32 d'Iarscríbhinn IV agus d'Iarscríbhinn V ón 12 Lúnasa 2021.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 11 Lúnasa 2021.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

([4]) Nósanna Imeachta maidir le Seirbhísí Aerloingseoireachta de chuid na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta – Bainistiú Faisnéise Aerloingseoireachta, Doic. 10066.
([5]) Rialachán (AE) Uimh. 965/2012 ón gCoimisiún an 5 Deireadh Fómhair 2012 lena leagtar síos ceanglais theicniúla agus nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le hoibríochtaí aeir de bhun Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 296, 25.10.2012, lch. 1).
([6]) Rialachán (AE) Uimh. 139/2014 ón gCoimisiún an 12 Feabhra 2014 lena leagtar síos ceanglais agus nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le haeradróim de bhun Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 44, 14.2.2014. lch. 1).
([7]) Tuairim Uimh. 01/2021 ó Ghníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh, Ceanglais tuairiscithe tarluithe agus ceanglais le haghaidh seirbhísí meitéareolaíocha, https://www.easa.europa.eu/document-library/opinions.

*IARSCRÍBHINN I*

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/373 mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (37):

'(37) ciallaíonn "scamall atá tábhachtach d'oibriú eitilte" scamall a bhfuil néal-airde faoi bhun 5 000 troigh nó faoi bhun na híosairde ceantair is airde, cibé acu is mó, nó scamall cumalainimbis nó scamall cumalais buacach ar airde ar bith;';

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (107):

'(107) ciallaíonn "lárionad comhairleach maidir le luaithreamhán bolcánach (VAAC)" lárionad meitéareolaíoch a chuireann faisnéis chomhairleach ar fáil d'oifigí faireacháin mheitéareolaíoch, d'ionaid rialaithe limistéir, d'ionaid faisnéise eitilte, do lárionaid dhomhanda um réamhaisnéisí limistéir agus d'ionaid sonraí idirnáisiúnta OPMET maidir le méid cliathánach agus ingearach agus maidir le gluaiseacht réamh-mheasta luaithreamháin bholcánaigh san atmaisféar;';

(3) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (168):

'(168) ciallaíonn "nasc sonraí-VOLMET (D-VOLMET)" gnáth-thuarascáil mheitéareolaíoch d'aeradróm (METAR), agus tuarascáil speisialta mheitéareolaíoch d'aeradróm (SPECI), TAF, SIGMET, aerthuarascálacha speisialta nach gcumhdaítear le SIGMET agus, i gcás ina mbeidh fáil orthu, AIRMET trí nasc sonraí;';

(4) cuirtear pointe (264) go pointe (266) isteach:

'(264) Ciallaíonn "faireachlann bholcáin" soláthraí, arna roghnú ag an údarás inniúil, a bhreathnaíonn ar ghníomhaíocht bolcáin nó grúpa bolcán agus a chuireann na barúlacha sin ar fáil do liosta comhaontaithe d'fhaighteoirí eitlíochta;

(265) Ciallaíonn "Teanga Mharcála na Geografaíochta (GML)" caighdeán ionchódaithe den Chuibhreannas Geospásúil Oscailte (OGC);

(266) Ciallaíonn "ionad aimsire spáis (SWXC)" lárionad atá ainmnithe chun faireachán agus faisnéis chomhairleach a sholáthar maidir le feiniméin aimsire spáis a mheastar a mbeidh tionchar acu ar chumarsáid raidió ardmhinicíochta, cumarsáid trí chórais satailíte, agus trí chórais loingseoireachta agus faireachais atá bunaithe ar GNSS agus/nó a bhfuil riosca radaíochta ag gabháil leo d'áititheoirí aerárthaí.'.

*IARSCRÍBHINN II*

Leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/373 mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe ATM/ANS.AR.A.020:

'**ATM/ANS.AR.A.020 Faisnéis don Ghníomhaireacht**

(a) Tabharfaidh an t-údarás inniúil fógra don Ghníomhaireacht i gcás ina mbeidh fadhbanna suntasacha ann maidir le cur chun feidhme Rialachán (AE) 2018/1139 agus a ghníomhartha tarmligthe agus a ghníomhartha cur chun feidhme laistigh de 30 lá ón tráth a bheidh an t-údarás inniúil ar an eolas faoi na fadhbanna.

(b) Gan dochar do Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*) agus dá ghníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme, soláthróidh an t-údarás inniúil faisnéis, faisnéis atá suntasach ó thaobh na sábháilteachta de agus a eascraíonn as na tuarascálacha ar tharluithe a stóráiltear ina bhunachar sonraí náisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 6(6) de Rialachán (AE) Uimh. 376/2014, don Ghníomhaireacht a luaithe is féidir.';

(*) Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Aibreán 2014 maidir le tarluithe san eitlíocht shibhialta a thuairisciú, leis an anailís a dhéantar orthu agus leis na bearta leantacha a dhéantar ina leith, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 996/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 2003/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1321/2007 ón gCoimisiún agus Rialachán (CE) Uimh. 1330/2007 ón gCoimisiún (IO L 122, 24.4.2014, lch. 18).

(2) leasaítear pointe ATM/ANS.AR.B.001 mar a leanas:

(a) i bpointe (a), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (1):

'(1) beartais agus nósanna imeachta doiciméadaithe chun tuairisc a thabhairt ar a eagrúchán, ar a acmhainní agus ar a mhodhanna maidir le comhlíontacht le Rialachán (AE) 2018/1139 agus leis na gníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme arna nglacadh ar an mbonn sin a bhaint amach, de réir mar is gá, maidir lena chúraimí deimhniúcháin, maoirseachta agus forfheidhmithe a fheidhmiú. Coimeádfar na nósanna imeachta cothrom le dáta agus úsáidfear iad mar na bundoiciméid oibre laistigh den údarás inniúil sin i gcás na gcúraimí gaolmhara uile;'

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

'(c) Bunóidh an t-údarás inniúil nósanna imeachta le haghaidh na rannpháirtíochta i malartú frithpháirteach na faisnéise agus an chúnaimh uile is gá le húdaráis inniúla eile lena mbaineann, bíodh sé ó laistigh den Bhallstát nó i mBallstáit eile, lena n-áirítear an fhaisnéis seo a leanas:

(1) na torthaí ábhartha a ardaíodh agus na bearta leantacha a rinneadh mar thoradh ar mhaoirseacht ar sholáthraithe ATM/ANS a dhéanann gníomhaíochtaí ar chríoch Ballstáit, ach ar soláthraithe iad atá deimhnithe ag údarás inniúil Ballstáit eile nó ag an nGníomhaireacht; agus

(2) ag eascairt as tuairisciú éigeantach agus tuairisciú deonach ar tharluithe mar a cheanglaítear le pointe ATM/ANS.OR.A.065.';

(3) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe ATM/ANS.AR.B.010:

'**ATM/ANS.AR.B.010 Athruithe sa chóras bainistíochta**

(a) Beidh córas i bhfeidhm ag an údarás inniúil chun athruithe a shainaithint, athruithe a dhéanann difear dá chumas a thascanna a dhéanamh agus a fhreagrachtaí a chomhlíonadh faoi Rialachán (AE) 2018/1139 agus faoi na gníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme arna nglacadh ar an mbonn sin. Cuirfidh an córas seo ar a chumas dó gníomhaíocht a dhéanamh, de réir mar is iomchuí, chun a áirithiú go leanfaidh an córas bainistíochta de bheith leordhóthanach agus éifeachtach.

(b) Déanfaidh an t-údarás inniúil a chóras bainistíochta a thabhairt cothrom le dáta chun aon athrú ar Rialachán (AE) 2018/1139 agus ar na gníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme arna nglacadh ar an mbonn sin a léiriú, ar bhealach tráthúil, chun cur chun feidhme éifeachtach a chórais bhainistíochta a áirithiú.

(c) Tabharfaidh an t-údarás inniúil fógra don Ghníomhaireacht maidir le hathruithe a dhéanann difear dá cumas a cúraimí a dhéanamh agus a cuid freagrachtaí a chomhlíonadh faoi Rialachán (AE) 2018/1139 agus faoi na gníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme arna nglacadh ar an mbonn sin.'.

*IARSCRÍBHINN III*

Leasaítear Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/373 mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

'*IARSCRÍBHINN III*

**CEANGLAIS CHOITEANNA LE hAGHAIDH SOLÁTHRAITHE ATM/ANS**

**(Part-ATM/ANS.OR)**';

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe ATM/ANS.OR.A.065:

'**ATM/ANS.OR.A.065 Tuairisciú ar tharluithe**

(a) Mar chuid dá chóras bainistíochta, déanfaidh an soláthraí ATM/ANS córas tuairiscithe ar tharluithe a bhunú agus a chothabháil, lena n-áirítear tuairisciú éigeantach agus deonach. Áiritheoidh soláthraithe ATM/ANS atá bunaithe i mBallstát go gcomhlíonfaidh an córas ceanglais Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 agus Rialachán (AE) 2018/1139, chomh maith leis na gníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme arna nglacadh ar bhonn na rialachán sin.

(b) Tuairisceoidh an soláthraí ATM/ANS don údarás inniúil agus d'aon eagraíocht eile ar ghá í a chur ar an eolas de réir cheanglas an Bhallstáit ina soláthraíonn an soláthraí ATM/ANS a sheirbhísí, aon teagmhas nó staid a bhaineann le sábháilteacht ina gcuirtear aerárthach, na daoine ar bord nó aon duine eile i gcontúirt, nó a chuirfeadh i gcontúirt iad murach go ndéanfaí ceartú ina leith nó mura dtabharfaí aghaidh ar an teagmhas nó ar an staid sin, agus tuairisceoidh sé go háirithe aon tionóisc nó teagmhas tromchúiseach.

(c) Gan dochar do phointe (b), tuairisceoidh an soláthraí ATM/ANS don údarás inniúil agus don eagraíocht atá freagrach as dearadh agus/nó cothabháil na gcóras agus na gcomhdhamhnaí ATM/ANS, murab ionann í agus an soláthraí ATM/ANS, aon mhífheidhm, fabht teicniúil, sárú ar theorainneacha teicniúla, tarlú nó imthoisc neamhrialta eile a chuir sábháilteacht seirbhísí i mbaol nó a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le tionóisc nó le teagmhas tromchúiseach.

(d) Gan dochar do Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 agus do na gníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme arna nglacadh ar a bhonn, déanfar an méid seo a leanas i dtuarascálacha:

(1) déanfar iad a luaithe is indéanta, ach in aon chás laistigh de 72 uair an chloig tar éis don soláthraí BAT/SAL teacht ar an eolas faoin teagmhas nó faoin staid lena mbaineann an tuairisc, mura gcoisctear é sin de dheasca tosca eisceachtúla;

(2) déanfar iad i bhfoirm agus ar mhodh a bhunóidh an t-údarás inniúil;

(3) beidh an fhaisnéis ábhartha ar fad ann faoin riocht is eol don soláthraí ATM/ANS.

(e) I gcás soláthraithe ATM/ANS nach bhfuil bunaithe i mBallstát, maidir le tuarascálacha éigeantacha tosaigh:

(1) déanfar rúndacht chéannacht an tuairisceora agus na ndaoine a luaitear sa tuarascáil a chosaint go hiomchuí;

(2) déanfar iad a luaithe is indéanta, ach in aon chás laistigh de 72 uair an chloig tar éis don soláthraí ATM/ANS teacht ar an eolas faoin tarlú, mura gcoisctear é sin de dheasca tosca eisceachtúla;

(3) déanfar iad i bhfoirm agus ar mhodh a bhunóidh an t-údarás inniúil;

(4) beidh an fhaisnéis ábhartha ar fad ann faoin riocht is eol don soláthraí ATM/ANS.

(f) Gan dochar do Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 agus dá ghníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme, i gcás inarb ábhartha, maidir le tarluithe comhchosúla a chosc amach anseo, déanfar tuarascáil leantach ina soláthrófar sonraí na ngníomhaíochtaí a bhfuil sé beartaithe ag an eagraíocht a ghlacadh a luaithe a aithneofar na gníomhaíochtaí sin; maidir leis na tuarascálacha leantacha sin:

(1) seolfar iad chuig na heintitis ábhartha a tuairiscíodh i dtús báire i gcomhréir le pointe (b) agus pointe (c); agus

(2) déanfar iad i bhfoirm agus ar mhodh a bhunóidh an t-údarás inniúil.'.

*IARSCRÍBHINN IV*

Leasaítear Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/373 mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe MET.OR.115:

'**MET.OR.115 Feasacháin mheitéareolaíocha**

Is é an soláthraí seirbhísí meitéareolaíocha atá freagrach as an limistéar lena mbaineann a sholáthróidh feasacháin mheitéareolaíocha do na húsáideoirí ábhartha.';

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe MET.OR.120:

'**MET.OR.120 Fógra a thabhairt do lárionaid dhomhanda um réamhaisnéisí limistéir maidir le neamhréitigh (WAFCanna)**

An soláthraí seirbhísí meitéareolaíocha a úsáideann réamhaisnéisí WAFS SIGWX, tabharfaidh sé fógra láithreach don WAFC lena mbaineann má bhraitear nó má thuairiscítear neamhréitigh shuntasacha maidir le réamhaisnéisí SIGWX WAFS a bhaineann leis an méid seo a leanas:

(a) oighriú, suaiteacht, scamaill chumalainimbis atá doiléir, minic, leabaithe, nó a tharlaíonn ar líne chóich, agus stoirmeacha gainimh nó stoirmeacha deannaigh;

(b) brúchtaí bolcánacha nó scaoileadh ábhar radaighníomhach san atmaisféar lena mbaineann tábhacht d'oibríochtaí aerárthaí.';

(3) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe MET.OR.200:

'**MET.OR.200 Tuarascálacha meitéareolaíocha agus faisnéis eile**

(a) Eiseoidh stáisiún meitéareolaíoch aerloingseoireachta:

(1) gnáth-thuarascáil logánta ar bhonn eatramh seasta, lena scaipeadh ag an aeradróm tionscnaimh amháin;

(2) tuarascáil speisialta logánta, lena scaipeadh ag an aeradróm tionscnaimh amháin;

(3) METAR ar eatramh gach leathuair an chloig ag aeradróim a fhreastalaíonn ar oibríochtaí aeriompair tráchtála idirnáisiúnta sceidealta lena scaipeadh níos faide anonn ná an t-aeradróm tionscnaimh;

(b) D'ainneoin phointe (a)(3), féadfaidh an stáisiún meitéareolaíoch aerloingseoireachta METAR agus SPECI a eisiúint in aghaidh na huaire lena scaipeadh níos faide anonn ná an t-aeradróm tionscnaimh, i gcás aeradróim nach bhfreastalaíonn ar oibríochtaí aeriompair tráchtála idirnáisiúnta sceidealta, de réir mar a chinnfidh an t-údarás inniúil;

(c) Cuirfidh stáisiún meitéareolaíoch aerloingseoireachta na haonaid seirbhísí aerthráchta agus an tseirbhís faisnéise aerloingseoireachta de chuid aeradróim ar an eolas maidir le hathruithe ar stádas inseirbhíse an trealaimh uathoibrithe a úsáidtear chun raon radhairc an rúidbhealaigh a mheas;

(d) Tuairisceoidh stáisiún meitéareolaíoch aerloingseoireachta don aonad seirbhísí aerthráchta, don aonad seirbhísí faisnéise aerloingseoireachta agus don oifig faireacháin meitéareolaíochta lena mbaineann aonghníomhaíocht bholcánach réamh-bhrúchta, brúchtadh bolcánach agus scamall luaithreamháin bholcánaigh a tharla;

(e) Bunóidh stáisiún meitéareolaíoch aerloingseoireachta liosta critéar chun tuarascálacha speisialta logánta a sholáthar i gcomhairle leis na haonaid ATS, leis na hoibreoirí agus leis na grúpaí cuí eile lena mbaineann.';

(4) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe MET.OR.240:

'**MET.OR.240 Faisnéis le húsáid ag an oibreoir nó ag an bhfoireann eitilte**

Cuirfidh oifig mheitéareolaíoch aeradróim na nithe seo a leanas, agus iad cothrom le dáta, ar fáil d'oibreoirí agus do bhaill na foirne eitilte:

(a) réamhaisnéisí, a thagann ó WAFS, ar na heilimintí a liostaítear i bpointe (1) agus i bpointe (2) de phointe MET.OR.275(a);

(b) METAR nó SPECI, lena n-áirítear TREND, TAF nó TAF arna leasú i gcás na n-aeradróm imeachta agus na n-aeradróm atá beartaithe le haghaidh tuirlingthe, agus i gcás aeradróim éirí de thalamh, aeradróim en route agus aeradróim mhalartacha ceann scríbe;

(c) réamhaisnéisí aeradróim maidir le héirí de thalamh;

(d) SIGMET agus aerthuarascálacha speisialta a bhaineann leis an mbealach ar fad;

(e) luaithreamhán bolcánach, cioclón trópaiceach agus faisnéis chomhairleach faoi staid aimsire sa spás a bhaineann leis an mbealach ar fad;

(f) réamhaisnéisí limistéir le haghaidh eitiltí íseal-airde arna n-ullmhú i gcomhcheangal le heisiúint AIRMET, mar aon le AIRMET atá ábhartha don bhealach ar fad;

(g) rabhaidh aeradróim i gcás an aeradróim logánta;

(h) íomhánna satailíte meitéareolaíocha;

(i) faisnéis faoi radar aimsire ar talamh.';

(5) leasaítear pointe MET.OR.242 mar a leanas:

(a) i bpointe (a), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (1):

'(1) gnáth-thuarascáil logánta, tuarascáil speisialta logánta, METAR, SPECI, TAF agus TREND agus leasuithe orthu;';

(b) i bpointe (b), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (1):

'(1) gnáth-thuarascáil logánta, tuarascáil speisialta logánta, METAR, SPECI, TAF agus TREND agus leasuithe orthu;';

(6) i bpointe MET.OR.245, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (f)(1):

'(1) METAR agus SPECI, lena n-áirítear sonraí brú reatha d'aeradróim agus d'áiteanna eile, TAF, TREND agus leasuithe orthu;';

(7) i bpointe MET.OR.250, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

'(a) SIGMET a eisiúint;';

(8) i bpointe MET.OR.255, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

'(a) AIRMET, i gcás ina gcinneann an t-údarás inniúil i dtaca le dlús tráchta a oibríonn faoi bhun leibhéal eitilte 100, nó suas go dtí leibhéal eitilte 150 i limistéir shléibhtiúla, nó níos airde, go bhfuil údar le AIRMET a eisiúint, i gcás inar gá, i gcomhcheangal le réamhaisnéisí limistéir le haghaidh eitiltí íseal-airde';

(9) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe MET.OR.260:

'**MET.OR.260 Réamhaisnéisí limistéir le haghaidh eitiltí íseal-airde**

Áiritheoidh oifig faireacháin mheitéareolaíoch na nithe seo a leanas:

(a) i gcás ina n-eisítear AIRMET i gcomhcheangal le réamhaisnéisí limistéir le haghaidh eitiltí íseal-airde i gcomhréir le pointe MET.OR.255(a), déantar réamhaisnéisí limistéir a eisiúint le haghaidh eitiltí íseal-airde gach 6 uair an chloig ar feadh tréimhse bailíochta 6 uair an chloig agus déantar iad a tharchur chuig na hoifigí faireacháin meitéareolaíocha lena mbaineann tráth nach déanaí ná uair an chloig roimh thús a dtréimhse bailíochta;

(b) i gcás ina gcinneann an t-údarás inniúil i dtaca le dlús tráchta a oibríonn faoi bhun leibhéal eitilte 100, nó suas go dtí leibhéal eitilte 150 i limistéir shléibhtiúla, nó níos airde, go bhfuil údar le gnátheisiúint réamhaisnéisí limistéir le haghaidh eitiltí íseal-airde nach bhfuil i gcomhcheangal le AIRMET, beidh minicíocht na heisiúna, an fhoirm, agus an tráth nó an tréimhse bhailíochta a socraíodh i dtaca le réamhaisnéisí limistéir le haghaidh eitiltí íseal-airde agus na critéir lena leasú, beidh siad de réir mar a chinnfidh an t-údarás inniúil.';

(10) cuirtear an méid seo a leanas in ionad theideal Chaibidil 4:

'***Caibidil 4 – Ceanglais le haghaidh lárionaid chomhairleacha maidir le luaithreamhán bolcách (VAACanna)***';

(11) i bpointe MET.OR.265, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

'(a) nuair a bhrúchtann bolcán, nó nuair a mheastar go mbrúchtfaidh sé, nó nuair a dhéantar luaithreamhán bolcánach a thuairisciú, faisnéis chomhairleach a eisiúint maidir le méid agus le gluaiseacht thuartha an luaithreamháin bholcánaigh.';

(12) cuirtear an méid seo a leanas in ionad theideal Chaibidil 5:

'***Caibidil 5 — Ceanglais le haghaidh lárionaid chomhairleacha maidir le cioclóin thrópaiceacha (TCACanna)***';

(13) i bpointe MET.OR.270, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na habairte réamhrá agus in ionad phointe (a):

'Maidir le TCAC, ina réimse freagrachta féin, eiseoidh sé na nithe seo a leanas:

(a) faisnéis chomhairleach maidir le suíomh ionad an chioclóin, athruithe ar a dhéine tráth na breathnóireachta, treo a ghluaiseachta agus luas na gluaiseachta, brú lárnach agus an ghaoth dhromchlach uasta in aice lena lár;';

(14) cuirtear an méid seo a leanas in ionad theideal Chaibidil 6:

'***Caibidil 6 — Ceanglais le haghaidh lárionaid dhomhanda um réamhaisnéisí limistéir (WAFCanna)***';

(15) i bpointe MET.OR.275, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

'(a) Eiseoidh WAFC:

(1) réamhaisnéisí domhanda greillithe ar na nithe seo a leanas:

(i) gaoth uachtarach;

(ii) teocht agus taise an aeir uachtaraigh;

(iii) airde geo-acmhainneachta na leibhéal eitilte;

(iv) leibhéal eitilte agus teocht an trópastaid;

(v) treo, luas agus leibhéal eitilte na gaoithe uasta;

(vi) scamaill chumalainimbis;

(vii) oighriú;

(viii) suaiteacht;

(2) réamhaisnéisí domhanda ar fheiniméin shuntasacha aimsire (SIGWX), lena n-áirítear gníomhaíocht bholcánach agus scaoileadh ábhar radaighníomhach.';

(16) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe MET.TR.115:

'**MET.TR.115 Feasacháin mheitéareolaíocha**

(a) Déanfar feasacháin mheitéareolaíocha a scaipeadh trí úsáid a bhaint as cineálacha sonraí agus foirmeacha cóid arna sonrú, cinn a oireann don fhaisnéis atá á soláthar.

(b) Déanfar feasacháin mheitéareolaíocha ina bhfuil faisnéis mheitéareolaíoch oibríochtúil a scaipeadh trí chórais chumarsáide atá oiriúnach don fhaisnéis atá á cur ar fáil agus do na húsáideoirí dá bhfuil sé beartaithe.';

(17) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe MET.TR.200:

'**MET.TR.200 Tuarascálacha meitéareolaíocha agus faisnéis eile**

(a) Beidh na gnéithe seo a leanas sa ghnáth-thuarascáil logánta, sa tuarascáil logánta speisialta, in METAR agus in SPECI, san ord a shonraítear:

(1) an cineál tuarascála a shainaithint;

(2) táscaire suímh;

(3) tráth na breathnóireachta;

(4) tuarascáil uathoibrithe nó tuarascáil atá in easnamh a shainaithint, nuair is infheidhme;

(5) treo agus luas na gaoithe dromchla;

(6) infheictheacht;

(7) raon radhairc an rúidbhealaigh, i gcás ina gcomhlíontar na critéir tuairiscithe;

(8) aimsir i láthair na huaire;

(9) scamalltacht, cineál an scamaill ach amháin i gcás scamaill chumalainimbis agus scamaill chumalais arda agus airde néal-airde nó, nuair a dhéantar sin a thomhas, infheictheacht ingearach;

(10) aertheocht agus teocht drúchtphointe;

(11) QNH agus, nuair is infheidhme, i ngnáth-thuarascáil logánta agus i dtuarascáil logánta speisialta, QFE;

(12) faisnéis fhorlíontach, nuair is infheidhme.

(b) Sa ghnáth-thuarascáil logánta agus sa tuarascáil logánta speisialta:

(1) más rud é go mbreathnaítear gaoth an dromchla ó níos mó ná suíomh amháin ar feadh an rúidbhealaigh, sonrófar na suíomhanna dá bhfuil na luachanna sin ionadaíoch;

(2) i gcás ina mbíonn níos mó ná rúidbhealach amháin in úsáid agus go mbreathnaítear an ghaoth dhromchlach a bhaineann leis na rúidbhealaí sin, tabharfar na luachanna gaoithe atá ar fáil i gcás gach rúidbhealaigh, agus déanfar na rúidbhealaí dá dtagraíonn na luachanna a thuairisciú;

(3) nuair a dhéantar difríochtaí ón meántreo gaoithe a thuairisciú i gcomhréir le pointe MET.TR.205(a)(3)(ii)(B), déanfar an dá threo fhoircneacha ar athraigh an ghaoth dhromchlach eatarthu a thuairisciú;

(4) nuair a thuairiscítear athrúcháin ón meánluas gaoithe (gustanna) i gcomhréir le pointe MET.TR.205(a)(3)(iii), tuairisceofar iad mar uasluachanna agus íosluachanna luas na gaoithe arna mbaint amach.

(c) METAR agus SPECI

(1) Eiseofar METAR agus SPECI i gcomhréir leis an teimpléad atá in Aguisín 1.

(2) Déanfar METAR a chomhdú lena tharchur tráth nach déanaí ná 5 nóiméad tar éis an trátha iarbhír breathnóireachta.

(d) In ionad na faisnéise maidir le hinfheictheacht, raon radhairc an rúidbhealaigh, an aimsir reatha agus scamalltacht, cineál an scamaill agus néal-airde sna tuarascálacha meitéareolaíocha go léir, cuirfear an téarma 'CAVOK' i gcás ina dtarlaíonn na dálaí seo a leanas go comhuaineach tráth na breathnóireachta:

(1) infheictheacht, 10 km nó níos mó, agus ní thuairiscítear an léargas is ísle;

(2) gan aon scamall atá tábhachtach d'oibriú eitilte;

(3) gan aon aimsir atá tábhachtach ó thaobh na heitlíochta de.

(e) Áirítear sa liosta critéar chun tuarascáil speisialta logánta a chur ar fáil:

(1) na luachanna sin a chomhfhreagraíonn go dlúth d'íoschoinníollacha oibríochta na n-oibreoirí a úsáideann an t-aeradróm;

(2) na luachanna sin a chomhlíonann riachtanais logánta eile na n-aonad seirbhísí aerthráchta (ATS) agus na n-oibreoirí;

(3) méadú 2 °C nó níos mó ar aertheocht ón teocht a luadh sa tuarascáil logánta is déanaí, nó luach tairsí malartach arna chomhaontú idir na soláthraithe seirbhísí meitéareolaíocha, an t-aonad ATS iomchuí agus na hoibreoirí lena mbaineann;

(4) an fhaisnéis fhorlíontach atá ar fáil maidir le dálaí meitéareolaíocha suntasacha a bheith ann sna limistéir ascnaimh agus dhreaptha;

(5) i gcás ina gcuirtear nósanna imeachta laghdaithe torainn i bhfeidhm agus ina dtagann athrú 5 kt nó níos mó ar an athrúchán ón meánluas gaoithe dromchlaí faoi mar a bhí tráth na tuarascála logánta is déanaí, agus an meánluas roimh agus/nó tar éis an athraithe cothrom le 15 kt nó níos mó;

(6) i gcás ina dtagann athrú 60° nó níos mó ar an meánluas gaoithe dromchlaí ón meánluas a tugadh sa tuarascáil is déanaí, agus an meánluas roimh agus/nó tar éis an athraithe cothrom le 10 kt nó níos mó;

(7) i gcás ina dtagann athrú 10 kt nó níos mó ar an meánluas gaoithe dromchlaí ón meánluas a tugadh sa tuarascáil logánta is déanaí;

(8) i gcás athrúchán ón meánluas gaoithe dromchlaí (gustaí) lena mbaineann athrú 10 kt nó níos mó ón meánluas gaoithe dromchlaí faoi mar a bhí tráth na tuarascála logánta is déanaí, agus an meánluas roimh agus/nó tar éis an athraithe cothrom le 15 kt nó níos mó;

(9) i gcás ina dtarlaíonn an tús, scor nó athrú i ndéine d'aon cheann de na feiniméin aimsire seo a leanas:

(i) frasaíocht seaca;

(ii) frasaíocht mheasartha nó throm, lena n-áirítear ceathanna; agus

(iii) stoirm thoirní, mar aon le frasaíocht;

(10) i gcás ina dtarlaíonn an tús nó scor d'aon cheann de na feiniméin aimsire seo a leanas:

(i) ceo seaca;

(ii) stoirm thoirní, gan frasaíocht;

(11) nuair a athraíonn méid na sraithe scamaill faoi bhun 1 500 troigh (450 m):

(i) ó scamaill scaipthe (SCT) nó níos lú go scamaill bhriste (BKN) nó duibheagán (OVC); nó

(ii) ó BKN nó OVC go SCT nó níos lú.

(f) Nuair a chomhaontaítear sin idir an soláthraí seirbhísí meitéareolaíocha agus an t-údarás inniúil, eiseofar tuarascálacha speisialta logánta agus SPECI, nuair is infheidhme, aon uair a tharlaíonn na hathruithe seo a leanas:

(1) i gcás ina n-athraíonn an ghaoth trí luachanna a bhfuil tábhacht oibríochtúil ag baint leo; bunóidh an soláthraí seirbhísí meitéareolaíocha na luachanna tairsí i gcomhairle leis an aonad seirbhíse aerthráchta agus leis na hoibreoirí iomchuí seirbhíse aerthráchta lena mbaineann, agus athruithe ar an ngaoth á gcur san áireamh, ar athruithe iad lena mbainfeadh an méid seo a leanas:

(i) gá le hathrú ar an rúidbhealach nó ar na rúidbhealaí in úsáid;

(ii) tásc go bhfuil athrú tagtha ar chomhpháirteanna gaoithe cúil agus trasghaoithe an rúidbhealaigh, athrú a d'imigh trí luachanna arb ionann iad agus na príomhtheorainneacha oibriúcháin le haghaidh aerárthaí tipiciúla a oibrítear i bhfogas an aeradróim;

(2) i gcás ina dtagann feabhas ar an léargas in éineacht le hathrú go ceann amháin nó níos mó de na luachanna a leanas, nó in éineacht le hathrú a ghabhann trí cheann amháin nó níos mó de na luachanna a leanas, nó i gcás ina dtagann meath ar an léargas in éineacht le hathrú a ghabhann trí cheann amháin nó níos mó de na luachanna a leanas:

(i) 800, 1 500 nó 3 000 m;

(ii) 5 000 m, i gcásanna ina n-oibrítear líon suntasach eitiltí i gcomhréir leis na rialacha amharceitilte;

(3) i gcás ina dtagann feabhas ar raon radhairc an rúidbhealaigh in éineacht le hathrú go ceann amháin nó níos mó de na luachanna a leanas, nó in éineacht le hathrú a ghabhann trí cheann amháin nó níos mó de na luachanna a leanas, nó i gcás ina dtagann meath ar raon radhairc an rúidbhealaigh in éineacht le hathrú a ghabhann trí cheann amháin nó níos mó de na luachanna a leanas: 50, 175, 300, 550 nó 800 m;

(4) i gcás ina dtarlaíonn an tús, scor nó athrú i ndéine d'aon cheann de na feiniméin aimsire seo a leanas:

(i) stoirm deannaigh;

(ii) stoirm ghainimh;

(iii) néal sconna (tornádó nó cuaifeach uisce);

(5) i gcás ina dtarlaíonn an tús nó scor d'aon cheann de na feiniméin aimsire seo a leanas:

(i) sruth íseal deannaigh, gainimh nó sneachta;

(ii) séideadh deannaigh, gainimh nó sneachta;

(iii) cóch;

(6) i gcás ina dtagann ardú ar néal-airde na sraithe scamaill is ísle d'fhairsinge BKN nó OVC in éineacht le hathrú go ceann amháin nó níos mó de na luachanna a leanas, nó in éineacht le hathrú a ghabhann trí cheann amháin nó níos mó de na luachanna a leanas, nó i gcás ina dtagann ísliú ar néal-airde na sraithe scamaill is ísle d'fhairsinge BKN nó OVC in éineacht le hathrú a ghabhann trí cheann amháin nó níos mó de na luachanna a leanas:

(i) 100, 200, 500 nó 1 000 troigh;

(ii) 1 500 troigh, i gcásanna ina n-oibrítear líon suntasach eitiltí i gcomhréir leis na rialacha amharceitilte;

(7) i gcás ina mbíonn an spéir doiléir agus tagann feabhas ar an léargas ingearach in éineacht le hathrú go ceann amháin nó níos mó de na luachanna a leanas, nó in éineacht le hathrú a ghabhann trí cheann amháin nó níos mó de na luachanna a leanas, nó i gcás ina dtagann meath ar an léargas ingearach in éineacht le hathrú a ghabhann trí cheann amháin nó níos mó de na luachanna a leanas: 100, 200, 500 nó 1 000 troigh;

(8) aon chritéar eile atá bunaithe ar íoschoinníollacha oibríochta aeradróim logánta, de réir mar atá comhaontaithe idir na soláthraithe seirbhísí meitéareolaíocha agus na hoibreoirí.';

(18) leasaítear pointe MET.TR.205 mar a leanas:

(a) i bpointe (a), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (1):

'(1) I gcás gnáth-thuarascáil logánta agus tuarascáil speisialta logánta, METAR agus SPECI, tuairiscítear treo agus luas na gaoithe dromchlaí i gcéimeanna de 10 gcéim bunaithe ar an treo fíor ó thuaidh agus 1 kt faoi seach.';

(b) i bpointe (a), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (3):

'(3) Sa ghnáth-thuarascáil logánta, tuarascáil speisialta logánta, METAR agus SPECI:

(i) sonrófar na haonaid tomhais a úsáidtear le haghaidh luas na gaoithe;

(ii) déanfar athrúcháin ó mheántreo na gaoithe le linn na 10 nóiméad roimhe sin a thuairisciú mar seo a leanas, más 60° nó níos mó an t-athrúchán iomlán, nó mar mhalairt air sin:

(A) i gcás go mbeidh an t-athrúchán iomlán 60° nó níos mó agus gur lú ná 180° é agus gur 3 kt nó níos mó ná sin é luas na gaoithe, tuairisceofar na hathrúcháin threocha sin mar an dá threo fhoircneacha ar athraíodh an ghaoth dhromchlach eatarthu;

(B) i gcás ina mbíonn an t-athrúchán iomlán 60° nó níos mó ach níos lú ná 180° agus luas na gaoithe níos lú ná 3 kt, tuairisceofar treo na gaoithe mar threo athraitheach gan aon mheántreo gaoithe;

(C) i gcás ina mbíonn an t-athrúchán iomlán 180° nó níos mó, tuairisceofar treo na gaoithe mar threo athraitheach gan aon mheántreo gaoithe;

(iii) tuairisceofar athrúcháin ón meánluas gaoithe (gustaí), le linn na 10 nóiméad roimhe sin, i gcás gur mó an t-uasluas gaoithe ná an meánluas tríd an méid seo a leanas, ina mhalairt de chás:

(A) 5 kt nó níos mó sa ghnáth-thuarascáil logánta agus sa tuarascáil speisialta logánta i gcás ina gcuirtear nósanna imeachta laghdaithe torainn i bhfeidhm;

(B) 10 kt nó níos mó in aon chás eile;

(iv) i gcás ina dtuairiscítear luas gaoithe ar lú é ná 1 kt, luafar socair ina leith;

(v) i gcás ina dtuairiscítear luas gaoithe 100 kt nó níos mó, luafar gur mó ná 99 kt é;

(vi) i gcás ina dtuairiscítear athrúcháin ón meánluas gaoithe (gustaí) i gcomhréir le pointe MET.TR.205(a), tuairisceofar uasluach an luais gaoithe arna bhaint amach;

(vii) i gcás ina mbíonn neamhleanúnachas marcáilte i dtreo na gaoithe agus/nó ar luas na gaoithe san áireamh leis an tréimhse 10 nóiméad, ní thuairisceofar ach athrúcháin ón meántreo gaoithe agus ón meánluas gaoithe a tharlaíonn ón uair a thuairiscítear an neamhleanúnachas.';

(c) i bpointe (b), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (1):

'(1) I ngnáth-thuarascáil logánta, tuarascáil speisialta logánta, METAR agus SPECI, tuairisceofar an léargas i gcéimeanna 50 m i gcás ina mbeidh an léargas níos lú ná 800 m; i gcéimeanna 100 m i gcás ina mbíonn sé 800 m nó níos mó, ach níos lú ná 5 km; i gcéimeanna ciliméadair i gcás ina mbíonn an léargas 5 km nó níos mó, ach níos lú ná 10 km; agus tabharfar é mar 10 km agus an léargas 10 km nó níos faide, seachas i gcás ina mbíonn feidhm ag na coinníollacha le haghaidh úsáid CAVOK.';

(d) i bpointe (c), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (1):

'(1) I ngnáth-thuarascáil logánta, tuarascáil speisialta logánta, METAR agus SPECI, is é seo a leanas an RVR:

(i) tuairisceofar é le linn tréimhsí ina mbíonn an léargas nó raon radhairc an rúidbhealaigh níos lú ná 1 500 m;

(ii) tuairisceofar é i gcéimeanna 25 m i gcás ina mbíonn sé níos lú ná 400 m, i gcéimeanna 50 m i gcás ina mbíonn sé idir 400 m agus 800 m, agus i gcéimeanna 100 m i gcás ina mbíonn sé níos mó ná 800 m.';

(e) i bpointe (c), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (3):

'(3) Sa ghnáth-thuarascáil logánta, tuarascáil speisialta logánta, METAR agus SPECI:

(i) i gcás ina mbíonn an RVR os cionn an uasluacha is féidir leis an gcóras atá in úsáid a chinneadh, déanfar é a thuairisciú trí úsáid a bhaint as an ngiorrúchán 'ABV' sa ghnáth-thuarascáil logánta agus sa tuarascáil speisialta logánta, agus trí úsáid a bhaint as an ngiorrúchán 'P' in METAR agus SPECI arna leanúint ag an uasluach is féidir a chinneadh leis an gcóras;

(ii) i gcás ina mbíonn an RVR faoi bhun an íosluacha is féidir a chinneadh leis an gcóras atá in úsáid, déanfar é a thuairisciú trí úsáid a bhaint as an ngiorrúchán 'BLW' sa ghnáth-thuarascáil logánta agus sa tuarascáil speisialta logánta, agus trí úsáid a bhaint as an ngiorrúchán 'M' in METAR agus SPECI, arna leanúint ag an íosluach is féidir a chinneadh leis an gcóras.';

(f) i bpointe (d), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (2), (3) agus (4):

'(2) In METAR agus SPECI, tuairisceofar feiniméin aimsire arna mbreathnú ar an láthair ó thaobh cineáil agus saintréithe de agus beidh siad cáilithe maidir le déine nó le gaireacht don aeradróm, de réir mar is iomchuí.

(3) Sa ghnáth-thuarascáil logánta, tuarascáil speisialta logánta, METAR agus SPECI, tuairisceofar na tréithe seo a leanas d'fheiniméin aimsire ar an láthair, de réir mar is gá, trí úsáid a bhaint as na giorrúcháin agus na critéir ábhartha faoi seach, de réir mar is iomchuí:

(i) Stoirm thoirní (TS)

Úsáidtear TS stoirm thoirní gan frasaíocht a thuairisciú. Nuair a chloistear toirneach nó nuair a bhraitear tintreach san aeradróm le linn na tréimhse 10 nóiméad roimh thráth na breathnóireachta ach ní bhreathnaítear aon frasaíocht ag an aeradróm, úsáidfear an giorrúchán 'TS' gan cháiliú.

(ii) Reo (FZ)

Braoiníní sárfhuaraithe uisce nó frasaíocht, úsáidtear FZ i gcás cineálacha feiniméin aimsire ar an láthair i gcomhréir le Foscríbhinn 1.

(4) Sa ghnáth-thuarascáil logánta, tuarascáil speisialta logánta, METAR agus SPECI:

(i) úsáidfear ceann amháin nó níos mó, suas le trí cinn, de na giorrúcháin aimsire seo, de réir mar is gá, mar aon le tásc, más iomchuí, ar shaintréithe agus ar dhéine nó ar ghaireacht don aeradróm, chun tuairisc iomlán a thabhairt ar an aimsir ar an láthair atá tábhachtach d'oibríochtaí eitilte;

(ii) is é an tásc maidir le déine nó le gaireacht, de réir mar is iomchuí, a dhéanfar a thuairisciú ar dtús, agus ina dhiaidh sin, na saintréithe agus cineál na bhfeiniméan aimsire;

(iii) i gcás ina mbreathnaítear ar dhá chineál éagsúla aimsire, déanfar iad a thuairisciú ina dhá ghrúpa ar leith, i gcás ina dtagraíonn an táscaire déine nó gaireachta d'fheiniméan aimsire a thiocfaidh i ndiaidh an táscaire. Mar sin féin, tuairisceofar cineálacha éagsúla frasaíochta a tharlaíonn tráth na breathnóireachta mar ghrúpa aonair amháin agus tuairisceofar an príomhchineál frasaíochta i dtosach gan ach aon cháilitheoir déine roimhe ina dtagrófar do dhéine na frasaíochta ar an iomlán.';

(g) i bpointe (e), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (1):

'(1) I gcás na gnáth-thuarascála logánta, na tuarascála speisialta logánta, METAR agus SPECI, tuairisceofar an néal-airde i gcéimeanna 100 troigh suas go dtí 10 000 troigh agus i gcéimeanna 1 000 troigh os cionn 10 000 troigh.';

(h) i bpointe (f), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (1):

'(1) Sa ghnáth-thuarascáil logánta, tuarascáil speisialta logánta, METAR agus SPECI, tuairisceofar an t-aertheocht agus teocht an drúchtphointe i gcéimeanna iomlána Celsius.';

(i) i bpointe (f), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (3):

'(3) Sa ghnáth-thuarascáil logánta, tuarascáil speisialta logánta, METAR agus SPECI, sainaithneofar teocht faoi bhun 0 °C.';

(j) i bpointe (g), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (1):

'(1) Sa ghnáth-thuarascáil logánta, tuarascáil speisialta logánta, METAR agus SPECI, ríomhfar QNH agus QFE ina dheichithe de heictea-pascal agus tuairisceofar iontu i gcéimeanna heictea-pascail iomlána, agus ceithre dhigit á n-úsáid.';

(k) i bpointe (g), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (4):

'(4) I gcás METAR agus SPECI, ní áireofar ach luachanna QNH.';

(19) leasaítear pointe MET.TR.210 mar a leanas:

(a) i bpointe (a), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (2):

'(2) An Taispeáint

Beidh taispeáintí gaoithe dromchla a bhaineann le gach braiteoir suite sa stáisiún meitéareolaíoch aerloingseoireachta. Bainfidh na taispeáintí sa stáisiún meitéareolaíoch aerloingseoireachta agus sna haonaid seirbhísí aerthráchta leis na braiteoirí céanna, agus i gcás ina mbeidh braiteoirí ar leithligh ag teastáil, beidh na taispeáintí marcáilte go soiléir chun an rúidbhealach agus an chuid sin den rúidbhealach ar a ndéanann gach braiteoir faireachán a shainaithint.';

(b) i bpointe (a)(3), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (ii):

‘(ii) 10 nóiméad i gcás METAR agus SPECI, ach amháin nuair a áirítear sa tréimhse 10 nóiméad neamhleanúnachas marcáilte maidir le treo na gaoithe agus/nó luas na gaoithe; ní úsáidfear ach sonraí a tharlaíonn tar éis an neamhleanúnachais chun meánluachanna a chinneadh; dá bhrí sin, déanfar an t-eatramh ama sna himthosca sin a laghdú dá réir.’;

(c) i bpointe (b), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (3):

‘(3) Taispeáintí

Nuair a úsáidtear córais ionstraimithe chun léargas a thomhas, beidh taispeáintí léargais a bhainfidh le gach braiteoir suite sa stáisiún meitéareolaíoch aerloingseoireachta. Bainfidh na taispeáintí sa stáisiún meitéareolaíoch aerloingseoireachta agus sna haonaid seirbhísí aerthráchta leis na braiteoirí céanna, agus i gcás ina mbeidh braiteoirí ar leithligh ag teastáil, beidh na taispeáintí marcáilte go soiléir chun an limistéar ar a ndéanann gach braiteoir faireachán a shainaithint.’;

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

‘(c) Raon radhairc an rúidbhealaigh (RVR)

(1) Tuairisceofar RVR ina mhéadair.

(2) Lonnú

Beidh an ionstraim mheitéareolaíoch a úsáidtear chun RVR a mheas suite ar bhealach le go soláthrófar sonraí atá ionadaíoch don limistéar a bhfuil na breathnóireachtaí ag teastáil ina leith.

(3) Córais ionstraimithe

Bainfear úsáid as córais ionstraimithe bunaithe ar thras-mhéadair nó ar mhéadair réamh-scaipthe chun RVR a mheasúnú ar rúidbhealaí atá beartaithe le haghaidh oibríochtaí ascnaimh agus tuirlingthe ionstraimíocht Chatagóir II agus III, agus le haghaidh oibríochtaí ascnaimh agus tuirlingthe ionstraimíocht Chatagóir I de réir mar a chinneann an t-údarás inniúil.

(4) An Taispeáint

I gcás ina gcinntear RVR trí chórais ionstraimithe, beidh taispeáint amháin nó níos mó, más gá, suite sa stáisiún meitéareolaíoch aerloingseoireachta. Bainfidh na taispeáintí sa stáisiún meitéareolaíoch aerloingseoireachta agus sna haonaid ATS leis na braiteoirí céanna, agus i gcás ina mbíonn braiteoirí ar leithligh ag teastáil, beidh na taispeáintí marcáilte go soiléir chun an rúidbhealach agus an chuid sin den rúidbhealach a ndéanann gach braiteoir faireachán uirthi a shainaithint.

(5) Meánú

(i) I gcás ina n-úsáidtear córais ionstraimithe chun measúnú a dhéanamh ar RVR, déanfar a n-aschur a nuashonrú gach 60 soicind ar a laghad le go mbeifear in ann luachanna reatha ionadaíocha a sholáthar.

(ii) Is é a bheidh sa mheántréimhse i gcomhair luachanna RVR:

(A) 1 nóiméad le haghaidh gnáth-thuarascáil logánta, tuarascáil speisialta logánta, taispeáintí RVR in aonaid ATS;

(B) 10 nóiméad i gcás METAR agus SPECI, seachas i gcás ina n-áirítear neamhleanúnachas marcáilte i luachanna RVR sa tréimhse 10 nóiméad díreach roimh an mbreathnóireacht; fiú ansin ní úsáidfear ach na luachanna sin a tharlaíonn tar éis an neamhleanúnachais chun meánluachanna a fháil.’;

(e) i bpointe (e), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (3):

‘(3) An Taispeáint

I gcás ina n-úsáidtear trealamh uathoibrithe chun an néal-airde a thomhas, beidh taispeáint amháin ar a laghad suite sa stáisiún meitéareolaíoch aerloingseoireachta. Bainfidh na taispeáintí sa stáisiún meitéareolaíoch aerloingseoireachta agus sna haonaid seirbhísí aerthráchta leis na braiteoirí céanna, agus i gcás ina mbeidh braiteoirí ar leithligh ag teastáil, beidh na taispeáintí marcáilte go soiléir chun an limistéar ar a ndéanann gach braiteoir faireachán a shainaithint.’;

(f) i bpointe (f), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (2):

'(2) I gcás ina n-úsáidtear trealamh uathoibrithe chun an t-aertheocht agus teocht an drúchtphointe a thomhas, beidh na taispeáintí suite sa stáisiún meitéareolaíoch aerloingseoireachta. Bainfidh na taispeáintí sa stáisiún meitéareolaíoch aerloingseoireachta agus sna haonaid seirbhísí aerthráchta leis na braiteoirí céanna.';

(g) i bpointe (g), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (i):

'(i) I gcás ina n-úsáidtear trealamh uathoibrithe chun brú atmaisféarach a thomhas, beidh taispeáintí QNH agus, más gá i gcomhréir le pointe MET.TR.205(g)(3)(ii), taispeáintí QFE a bhaineann leis an mbaraiméadar suite sa stáisiún meitéareolaíoch aerloingseoireachta le taispeáintí comhfhreagracha sna haonaid seirbhísí aerthráchta iomchuí.';

(20) leasaítear pointe MET.TR.215 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

'**Réamhaisnéisí agus faisnéis eile**';

(b) i bpointe (e), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (6):

'(6) luaithreamhán bolcánach, cioclón trópaiceach agus faisnéis chomhairleach aimsire spáis atá ábhartha don bhealach ar fad.';

(21) leasaítear pointe MET.TR.220 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (b), (c) agus (d):

'(b) Eiseofar TAF i gcomhréir leis an teimpléad a léirítear i bhFoscríbhinn 3.

(c) 9 n-uaire, 24 huaire nó 30 uair an chloig a bheidh i dtréimhse bhailíochta ghnáth-TAF, mura bhforordaíonn an t-údarás inniúil a mhalairt agus na ceanglais tráchta d'aeradróim a oibríonn ar feadh tréimhse is lú ná 9 n-uaire an chloig á gcur san áireamh.

(d) Déanfar TAF a chomhdú lena tharchur tráth nach luaithe ná 1 uair an chloig roimh thús a dtréimhse bailíochta.';

(b) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a), phointe (b) agus phointe (c):

'(iii) I gcás ina dtuartar go mbeidh an ghaoth níos lú ná 1 kt, luafar socair i leith luas na gaoithe.

(iv) I gcás inar mó ná 10 kt nó níos mó an t-uasluas réamhaisnéise ná an meánluas gaoithe arna thuar, cuirfear an t-uasluas gaoithe tuartha in iúl.

(v) I gcás ina dtuartar luas gaoithe 100 kt nó níos mó, cuirfear in iúl go bhfuil sé níos mó ná 99 kt.';

(22) i bpointe MET.TR.225, leasaítear pointe (c) mar a leanas:

(a) i bpointe (1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (i) agus (ii):

'(i) athrú 60° nó níos mó ar mheántreo na gaoithe, agus an meánluas 10 kt nó níos mó ann roimh agus/nó tar éis an athraithe;

(ii) athrú 10 kt nó níos mó ar an meánluas na gaoithe;';

(b) leasaítear pointe (2) mar seo a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (i):

'(i) I gcás ina meastar go dtiocfaidh feabhas ar an léargas in éineacht le hathrú go ceann amháin nó níos mó de na luachanna a leanas, nó in éineacht le hathrú a ghabhfaidh trí cheann amháin nó níos mó de na luachanna a leanas, nó i gcás ina meastar dtiocfaidh meath ar an léargas in éineacht le hathrú a ghabhfaidh trí cheann amháin nó níos mó de na luachanna a leanas: 150, 350, 600, 800, 1 500 nó 3 000 m, léireofar an t-athrú i réamhaisnéis TREND.';

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (iii):

'(iii) I réamhaisnéisí TREND atá i gceangal le METAR agus SPECI, is é is brí le léargas an gnáthléargas réamhaisnéisithe.';

(23) i bpointe MET.TR.235, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

'(c) Leis na foláirimh maidir le fiaradh gaoithe, tugtar faisnéis achomair cothrom le dáta a bhaineann le fiaradh gaoithe arna bhreathnú lena mbaineann gaoth ghann/gaoth chúil 15 kt nó níos mó a d'fhéadfadh tionchar díobhálach a imirt ar aerárthaí ar an gconair ascnaimh dheiridh nó ar an gcéad chonair éirí de thalamh agus ar aerárthaí ar an rúidbhealach le linn an rolla tuirlingthe nó an chúrsa éirí de thalamh.';

(24) leasaítear pointe MET.TR.250 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

‘(a) Eiseofar SIGMET i gcomhréir leis an teimpléad a léirítear i bhFoscríbhinn 5.’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d):

‘(d) Ní áireofar ach ceann amháin de na feiniméin a liostaítear in Iarscríbhinn 5 in SIGMET, agus úsáidfear na giorrúcháin iomchuí agus an luach tairsí seo a leanas de luas gaoithe dromchlaí, luach nach lú ná 34 kt ná sin i gcás cioclóin thrópaiceacha.’;

(c) scriostar pointe (f).

(25) leasaítear pointe MET.TR.255 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

‘(a) Eiseofar AIRMET i gcomhréir leis an teimpléad a léirítear i bhFoscríbhinn 5.’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

‘(c) Ní áireofar ach ceann amháin de na feiniméin i bhFoscríbhinn 5 in AIRMET, ag úsáid na ngiorrúchán iomchuí agus na luachanna tairsí seo a leanas, i gcás ina mbíonn an feiniméan faoi bhun leibhéal eitilte 100, nó faoi bhun leibhéal eitilte 150 i limistéir shléibhtiúla, nó níos airde, nuair is gá:

(1) luas gaoithe dromchlaí os cionn 30 kt go fairsinge mar aon leis an treo agus na haonaid ábhartha;

(2) limistéir fhorleathana a bhfuil tionchar ag laghdú léargais orthu go dtí níos lú ná 5 000 m, lena n-áirítear an feiniméan aimsire is cúis leis an laghdú léargais;’;

(3) limistéir fhorleathana scamall briste nó duibheagánach a bhfuil airde an bhoinn acu níos lú ná 1 000 troigh os cionn leibhéal na talún’;

(c) (Pointe (e) aisghairthe)

(26) leasaítear pointe MET.TR.260 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b)(1):

‘(1) is iad na feiniméin seo a leanas is údar d’eisiúint SIGMET: dianoighriú, suaiteacht throm, scamaill chumalainimbis agus stoirmeacha toirní atá mothrach, minic, leabaithe nó a tharlaíonn ar líne chóich, stoirmeacha gainimh/stoirmeacha deannaigh agus brúchtaí bolcánacha nó scaoileadh ábhar radaighníomhach isteach san atmaisféar, agus a mheastar a rachaidh i gcion ar eitiltí ar íseal-airde’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

‘(c) i gcás ina gcinneann an t-údarás inniúil i dtaca le dlús tráchta a oibríonn faoi bhun leibhéal eitilte 100, nó suas go dtí leibhéal eitilte 150 i limistéir shléibhtiúla, nó níos airde, go bhfuil údar le heisiúint AIRMET i gcomhcheangal le réamhaisnéisí limistéir le haghaidh eitiltí íseal-airde, eiseofar na réamhaisnéisí limistéir sin chun clúdach a dhéanamh ar an tsraith idir an talamh agus leibhéal eitilte 100, nó suas go dtí leibhéal eitilte 150 i limistéir shléibhtiúla, nó níos airde, nuair is gá, agus cuimseofar iontu faisnéis ar fheiniméin aimsire faoi bhealach a bhíonn guaiseach d’eitiltí íseal-airde.’;

(27) cuirtear an méid seo a leanas in ionad theideal Chaibidil 4:

‘***Caibidil 4 — Ceanglais theicniúla le haghaidh lárionaid chomhairleacha maidir le luaithreamhán bolcánach (VAACanna)***’;

(28) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe MET.TR.265:

‘**MET.TR.265 Freagrachtaí lárionaid chomhairligh maidir le luaithreamhán bolcánach**

Eiseofar an fhaisnéis chomhairleach maidir le luaithreamhán bolcánach i gcomhréir leis an teimpléad a léirítear in Iarscríbhinn 6. I gcás nach bhfuil teacht ar ghiorrúcháin, úsáidfear téacs i dteanga shoiléir i mBéarla, a laghad is féidir.’;

(29) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe MET.TR.270:

‘**MET.TR.270 Freagrachtaí lárionaid chomhairligh maidir le cioclón trópaiceach**

Eiseofar an fhaisnéis chomhairleach maidir le cioclóin thrópaiceacha i gcomhréir leis an teimpléad atá léirithe in Iarscríbhinn 7 le haghaidh cioclóin thrópaiceacha i gcás ina meastar go sroichfidh uasluach an mheánluais gaoithe dromchlaí 10 nóiméad 34 kt nó níos mó le linn na tréimhse a chumhdaítear leis an gcóras comhairleach.’

(30) cuirtear an méid seo a leanas in ionad theideal Chaibidil 5:

'***Caibidil 5 – Ceanglais theicniúla le haghaidh lárionaid chomhairleacha maidir le cioclón trópaiceach (TCACanna)***';

(31) leasaítear pointe MET.TR.275 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

'(a) Úsáidfidh WAFCanna sonraí meitéareolaíocha próiseáilte i bhfoirm luachanna pointe eangaí le haghaidh soláthar réamhaisnéisí domhanda eangaí agus réamhaisnéisí ar fheiniméin shuntasacha aimsire.';

(b) leasaítear pointe (b) mar a leanas:

(i) i bpointe (1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (viii):

'(viii) suaiteacht;';

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (2):

'(2) réamhaisnéisí dá dtagraítear i bpointe (1) a eisiúint agus iad a scaipeadh a luaithe is indéanta go teicniúil, ach tráth nach déanaí ná 5 huaire an chloig tar éis tráth caighdeánach na breathnóireachta;';

(iii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (3):

'(3) réamhaisnéisí maidir le pointe greille a chur ar fáil i ngreille rialta ina mbeidh na nithe seo a leanas:

(i) sonraí gaoithe le haghaidh leibhéil eitilte 50 (850 hPa), 80 (750 hPa), 100 (700 hPa), 140 (600 hPa), 180 (500 hPa), 210 (450 hPa), 240 (400 hPa), 270 (350 hPa), 300 (300 hPa), 320 (275 hPa), 340 (250 hPa), 360 (225 hPa), 390 (200 hPa), 410 (175 hPa), 450 (150 hPa), 480 (125 hPa) agus 530 (100 hPa) le taifeach cothrománach de 1,25° de dhomhanleithead agus de dhomhanfhad;

(ii) sonraí teochta le haghaidh leibhéil eitilte 50 (850 hPa), 80 (750 hPa), 100 (700 hPa), 140 (600 hPa), 180 (500 hPa), 210 (450 hPa), 240 (400 hPa), 270 (350 hPa), 300 (300 hPa), 320 (275 hPa), 340 (250 hPa), 360 (225 hPa), 390 (200 hPa), 410 (175 hPa), 450 (150 hPa) 480 (125 hPa) agus 530 (100 hPa) mar aon le taifeach cothrománach de 1,25° de dhomhanleithead agus de dhomhanfhad;

(iii) sonraí bogthaise le haghaidh leibhéil eitilte 50 (850 hPa), 80 (750 hPa), 100 (700 hPa), 140 (600 hPa) agus 180 (500 hPa) le taifeach cothrománach de 1,25° de dhomhanleithead agus de dhomhanfhad;

(iv) sonraí airde geo-acmhainneachta na leibhéal eitilte 50 (850 hPa), 80 (750 hPa), 100 (700 hPa), 140 (600 hPa), 180 (500 hPa), 210 (450 hPa), 240 (400 hPa), 270 (350 hPa), 300 (300 hPa), 320 (275 hPa), 340 (250 hPa), 360 (225 hPa), 390 (200 hPa), 410 (175 hPa), 450 (150 hPa) 480 (125 hPa) agus 530 (100 hPa) mar aon le taifeach cothrománach de 1,25° de dhomhanleithead agus de dhomhanfhad;

(v) treo, luas agus leibhéal eitilte na gaoithe uasta mar aon le taifeach cothrománach 1,25° de dhomhanleithead agus de dhomhanfhad;

(vi) leibhéal eitilte agus teocht trópastad mar aon le taifeach cothrománach de 1,25° de dhomhanleithead agus de dhomhanfhad;

(vii) oighriú le haghaidh sraitheanna atá láraithe ar leibhéil eitilte 60 (800 hPa), 100 (700 hPa), 140 (600 hPa), 180 (500 hPa), 240 (400 hPa) agus 300 (300 hPa) mar aon le taifeach cothrománach de 0,25° de dhomhanleithead agus de dhomhanfhad;

(viii) suaiteacht le haghaidh sraitheanna atá láraithe ar leibhéil eitilte 100 (700 hPa), 140 (600 hPa), 180 (500 hPa), 240 (400 hPa), 270 (350 hPa), 300 (300 hPa), 340 (250 hPa), 390 (200 hPa) agus 450 (150 hPa) mar aon le taifeach cothrománach 0,25° de dhomhanleithead agus de dhomhanfhad;

(ix) an fhairsinge chothrománach agus na leibhéil eitilte ag bonn agus ag barr scamall cumalainimbus ag a bhfuil taifeach cothrománach de 0,25° de dhomhanleithead agus de dhomhanfhad.';

(c) leasaítear pointe (c) mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (1):

'(1) réamhaisnéisí SIGWX a ullmhú ceithre huaire sa lá agus iad bailí le haghaidh amanna bailí socraithe 24 uair an chloig tar éis tráth (00.00, 06.00, 12.00 agus 18.00 Am Uilíoch Lárnach (AUL)) na sonraí sionoptacha ar a mbíonn na réamhaisnéisí bunaithe. Déanfar scaipeadh gach réamhaisnéise a chur i gcrích a luaithe is indéanta go teicniúil, ach gan é sin a bheith níos déanaí ná 7 n-uaire an chloig tar éis tráth caighdeánach breathnóireachta faoi ghnáthoibríochtaí ná níos déanaí ná 9 n-uaire an chloig tar éis tráth caighdeánach breathnóireachta le linn oibríochtaí cúltaca;';

(ii) i bpointe (3), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (i):

'(i) cioclón trópaiceach ar an gcoinníoll go meastar go sroichfidh nó gur mó ná 34 kt an meánluas gaoithe dromchla 10 nóiméad;';

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d):

'(d) Eiseofar réamhaisnéisí meánleibhéil SIGWX maidir le leibhéil eitilte idir 100 agus 450 i gcás limistéir gheografacha theoranta.';

(32) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Fhoscríbhinn 1:

*'Foscríbhinn 1*

**Teimpléad le haghaidh METAR agus SPECI**

*Eochair:*

É = cuimsiú éigeantach;

(c) = cuimsiú coinníollach ar dhálaí meitéareolaíocha nó ar mhodh breathnóireachta;

R = cuimsiú roghnach.

*Nóta 1:* Tá na raonta agus na taifigh le haghaidh na n-eilimintí uimhriúla in METAR agus SPECI ar fáil i dtábla ar leith thíos faoin teimpléad seo.

*Nóta 2:* Is féidir teacht ar na mínithe ar na giorrúcháin i nDoiciméad 8400 Nósanna Imeachta le haghaidh Seirbhísí Aerloingseoireachta — Giorrúcháin agus Cóid (PANS-ABC).

*Nóta 3:* Ní áirítear uimhreacha ró sa cholún 'Tagairt' ach amháin ar mhaithe le soiléireacht agus le tagairt dóibh a éascú, agus ní cuid de METAR ná de SPECI iad.

| Tagairt | Eilimint | Ábhar mionsonraithe | Teimpléad/Teimpléid | |
|---|---|---|---|---|
| 1 | An cineál tuarascála a shainaithint (É) | An cineál tuarascála (É) | METAR, METAR COR, SPECI nó SPECI COR | |
| 2 | Táscaire suímh (É) | Táscaire suímh ICAO (É) | nnnn | |
| 3 | Tráth an bhreathnaithe (É) | Lá agus am iarbhír an bhreathnaithe in AUL (É) | nnnnnnZ | |
| 4 | Tuairisc uathoibrithe nó tuairisc atá ar iarraidh a shainaithint (C) | Aitheantóir tuairisc uathoibrithe nó tuairisc atá in easnamh (C) | UATHOIBRÍOCH nó NIL | |
| 5 | DEIREADH LE METAR MÁ TÁ AN TUARASCÁIL IN EASNAMH. | | | |
| 6 | Gaoth dhromchlach (É) | Treo na gaoithe (É) | nnn nó/// [1] | VRB |
| | | Luas na gaoithe (É) | [P]nn[n] nó// [1] | |
| | | Athrúcháin shuntasacha ar an luas (C) | G[P]nn[n] | |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Aonaid tomhais (É) | KT | | | |
| | | Athrúcháin shuntasacha sa treo (C) | nnnVnnn | — | | |
| 7 | Léargas (É) | Gnáthléargas nó íosléargas (É) | nnnn nó//// (1) | | | (c)<br>A<br>V<br>R<br>K |
| | | Íosléargas agus treo an íosléargais (C) | nnnn[N] nó nnnn[NE] nó nnnn[E] nó nnnn [SE] nó nnnn[S] nó nnnn[SW] nó nnnn[W] nó nnnn[NW] | | | |
| 8 | Raon radhairc an rúidbhealaigh (C) (2) | Ainm na heiliminte (É) | R | | | |
| | | Rúidbhealach (É) | nn[L]/nó nn [C]/nó nn[R]/ | | | |
| | | Raon radhairc an rúidbhealaigh (É) | [P nó M]nnnn nó//// (1) | | | |
| | | Raon radhairc an rúidbhealaigh roimhe seo (C) | U, D nó N | | | |
| 9 | An aimsir reatha (C) | Déine nó gaireacht na haimsire reatha (C) | – nó + | — | VC | |
| | | Saintréithe agus cineál na haimsire reatha (É) | DZ nó<br>RA nó<br>SN nó<br>SG nó<br>PL nó<br>DS nó<br>SS nó<br>FZDZ nó<br>FZRA nó<br>FZUP (4) nó<br>FC (3) nó<br>SHGR nó<br>SHGS nó<br>SHRA nó<br>SHSN nó<br>SHUP (4) nó<br>TSGR nó<br>TSGS nó<br>TSRA nó<br>TSSN nó<br>TSUP (4) nó<br>UP (4) | FG nó<br>BR nó<br>SA nó<br>DU nó<br>HZ nó<br>FU nó<br>VA nó<br>SQ nó<br>PO nó<br>TS nó<br>BCFG nó<br>BLDU nó<br>BLSA nó<br>BLSN nó<br>DRDU nó<br>DRSA nó<br>DRSN nó<br>FZFG nó<br>MIFG nó<br>PRFG nó<br>// (1) | FG nó<br>PO nó<br>FC nó<br>DS nó<br>SS nó<br>TS nó<br>SH nó<br>BLSN nó<br>BLSA nó<br>BLDU nó<br>VA | |
| 10 | Scamall (É) | Scamallacht agus néal-airde nó léargas ingearach (É) | FEWnnn nó<br>SCTnnn nó<br>BKNnnn nó<br>OVCnnn nó<br>FEW/// (1) nó<br>SCT/// (1) nó<br>BKN/// (1) nó<br>OVC/// (1) nó<br>///nnn (1) nó<br>////// (1) | VVnnn nó<br>VV/// (1) | NSC<br>nó NCD (4) | |
| | | An cineál scamaill (C) | CB nó<br>TCU<br>nó/// (1), (5) | — | | |

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 11 | Aertheocht agus teocht an drúchtphointe (É) | Aertheocht agus teocht an drúchtphointe (É) | [M]nn/[M]nn nó///[M]nn ([1]) nó [M]nn/// ([1]) nó///// ([1]) | | | | |
| 12 | Luach brú (É) | Ainm na heiliminte (É) | Q | | | | |
| | | QNH (É) | nnnn nó//// ([1]) | | | | |
| 13 | Faisnéis fhorlíontach (C) | An aimsir is déanaí (C) | RERASN nó REFZDZ nó REFZRA nó REDZ nó RE[SH]RA nó RE[SH]SN nó RESG nó RESHGR nó RESHGS nó REBLSN nó RESS nó REDS nó RETSRA nó RETSSN nó RETSGR nó RETSGS nó RETS nó REFC nó REVA nó REPL nó REUP ([4]) nó REFZUP ([4]) nó RETSUP ([4]) nó RESHUP ([4]) nó RE// ([1]) | | | | |
| | | Fiaradh gaoithe (C) | WS Rnn[L] nó WS Rnn[C] nó WS Rnn[R] nó WS ALL RWY | | | | |
| | | Teocht dhromchla na farraige agus staid na farraige nó tonnairde shuntasach (C) | W[M]nn/Sn nó W///Sn ([1]) nó W[M]nn/S/ ([1]) nó W[M]nn/Hn[n][n] nó W///Hn[n][n] ([1]) nó W[M]nn/H/// ([1]) | | | | |
| 14 | Réamhaisnéis treochta (R) | Táscaire maidir le hathrú (É) | NOSIG | BECMG nó TEMPO | | | |
| | | Tréimhse athraithe (C) | | FMnnnn agus/nó<br>TLnnnn<br>*nó*<br>ATnnnn | | | |
| | | Gaoth (C) | | nnn[P]nn[G[P]nn]KT | | | |
| | | Gnáthléargas (C) | | nnnn | | | (c)<br>A<br>V<br>R<br>K |
| | | Feiniméan aimsire: déine (C) | | – nó + | — | N<br>S<br>W | |
| | | Feiniméan aimsire: saintréithe agus cineál (C) | | DZ nó RA nó SN nó SG nó PL nó DS nó SS nó FZDZ nó FZRA nó SHGR nó SHGS nó SHRA nó SHSN nó TSGR nó TSGS nó TSRA nó TSSN | FG nó BR nó SA nó DU nó HZ nó FU nó VA nó SQ nó PO nó FC nó TS nó BCFG nó BLDU nó BLSA nó BLSN nó DRDU nó DRSA nó DRSN nó FZFG nó MIFG nó PRFG | | |
| | | Scamallacht agus néal-airde nó léargas ingearach (C) | | FEWnnn nó SCTnnn<br>*nó*<br>BKNnnn<br>*nó*<br>OVCnnn | VVnnn nó VV// | N<br>S<br>(c) | |
| | | An cineál scamaill (C) | | CB nó TCU | — | | |

([1]) I gcás ina bhfuil eilimint mheitéareolaíoch in easnamh go sealadach, nó i gcás ina meastar go sealadach go bhfuil a luach mícheart, déantar sin a ionadú le soladas ('/') i gcás gach digite i ngiorrúchán na teachtaireachta téacs agus léirítear go bhfuil sé in easnamh chun aistriú iontaofa chuig foirmeacha cóid eile a áirithiú.
([2]) Le háireamh más < 1 500 m an léargas nó raon radhairc an rúidbhealaigh ar feadh suas le ceithre rúidbhealach ar a mhéad.
([3]) Úsáidtear 'trom' chun 'tornádó' nó 'sconna' a léiriú; 'measartha' (gan cháiliú) chun 'néal sconna nach sroicheann an talamh' a léiriú.
([4]) I gcás tuarascálacha uathoibrithe amháin.
([5]) I gcás tuarascálacha uathoibrithe, féadfaidh soladais ('///') an cineál scamaill ábhartha a ionadú, de réir mar is iomchuí, ag brath ar chumas an chórais uathoibríoch breathnóireachta. Ina theannta sin, féadfaidh soladais scamallacht agus/nó néal-airde na sraithe CB nó TCU tuairiscithe a ionadú.

| **Raonta agus taifigh le haghaidh na n-eilimintí uimhriúla in METAR agus SPECI** | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Tagairt | Eilimintí | | Raon | Taifeach |
| 1 | Rúidbhealach: | (gan aonaid) | 01–36 | 1 |
| 2 | Treo na gaoithe: | °fíor | 000-360 | 10 |
| 3 | Luas na gaoithe | KT | 00-99<br>P99 | 1<br>Neamhbhainteach (100 nó níos mó) |
| 4 | Léargas: | É | 0000-0750 | 50 |
| | | É | 0800–4 900 | 100 |
| | | É | 5 000–9 000 | 1 000 |
| | | É | 10 000 nó níos mó | 0 (luach seasta: 9 999) |
| 5 | Raon radhairc an rúidbhealaigh: | É | 0000-0375 | 25 |
| | | É | 0400-0750 | 50 |
| | | É | 0800–2 000 | 100 |
| 6 | Léargas ingearach: | Ina chéadtaí troigh | 000-020 | 1 |
| 7 | Scamaill: néal-airde: | Ina chéadtaí troigh | 000-099<br>100-200 | 1<br>10 |
| 8 | Aertheocht:<br>Teocht an drúchtphointe: | °C | −80 – +60 | 1 |
| 9 | QNH: | hPA | 0850-1 100 | 1 |
| 10 | Teocht dhromchla na farraige: | °C | -10 – +40 | 1 |
| 11 | Staid na farraige: | (gan aonaid) | 0-9 | 1 |
| 12 | Tonnairde shuntasach: | É | 0-999 | 0,1' |

(33) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Fhoscríbhinn 3:

*'Foscríbhinn 3*

**Teimpléad don TAF**

*Eochair:*

É = cuimsiú éigeantach;

(c) = cuimsiú coinníollach ar dhálaí meitéareolaíocha nó ar mhodh breathnóireachta;

R = cuimsiú roghnach.

*Nóta 1:* Tá na raonta agus na taifigh le haghaidh na n-eilimintí uimhriúla in TAF ar fáil i dtábla ar leith thíos faoin teimpléad sin.

*Nóta 2:* Is féidir teacht ar na mínithe ar na giorrúcháin i nDoiciméad 8400 ICAO Nósanna Imeachta le haghaidh Seirbhísí Aerloingseoireachta — Giorruithe agus Cóid ICAO (PANS-ABC).

*Nóta 3:* Ní áirítear uimhreacha ró sa cholún 'Tagairt' ach amháin ar mhaithe le soiléireacht agus le tagairt dóibh a éascú, agus ní cuid de TAF iad.

| Tagairt | Eilimint | Ábhar mionsonraithe | Teimpléad/Teimpléid | | |
|---|---|---|---|---|---|
| 1 | Sainaithint an chineáil réamhaisnéise (É) | An cineál réamhaisnéise (É) | TAF nó TAF AMD nó TAF COR | | |
| 2 | Táscaire suímh (É) | Táscaire suímh ICAO (É) | nnnn | | |
| 3 | Tráth eisiúna na réamhaisnéise (É) | Lá agus tráth eisiúna na réamhaisnéise in AUL (É) | nnnnnnZ | | |
| 4 | Réamhaisnéis atá in easnamh a shainaithint (C) | Aitheantóir réamhaisnéise in easnamh (C) | NIL | | |
| 5 | DEIREADH LE TAF MÁ TÁ AN RÉAMHAISNÉIS IN EASNAMH. | | | | |
| 6 | Laethanta agus tréimhse bhailíochta na réamhaisnéise (É) | Laethanta agus tréimhse bhailíochta na réamhaisnéise in AUL (É) | nnnn/nnnn | | |
| 7 | Réamhaisnéis chealaithe a shainaithint (C) | Aitheantóir réamhaisnéis chealaithe (C) | CNL | | |
| 8 | DEIREADH LE TAF MÁ CHUIRTEAR AN RÉAMHAISNÉIS AR CEAL. | | | | |
| 9 | Gaoth dhromchlach (É) | Treo na gaoithe (É) | nnn nó VRB | | |
| | | Luas na gaoithe (É) | [P]nn[n] | | |
| | | Athrúcháin shuntasacha ar an luas (C) | G[P]nn[n] | | |
| | | Aonaid tomhais (É) | KT | | |
| 10 | Léargas (É) | Gnáthléargas (É) | nnnn | | (c) AVRK |
| 11 | Aimsir (C) | Déine feiniméin aimsire (C) ([1]) | – nó + | — | |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Saintréithe agus cineál feiniméin aimsire (C) | DZ nó RA nó<br>SN nó SG nó<br>PL nó DS nó<br>SS nó FZDZ nó<br>FZRA nó SHGR nó<br>SHGS nó SHRA nó<br>SHSN nó TSGR nó<br>TSGS nó TSRA nó<br>TSSN | | FG nó<br>BR nó<br>SA nó<br>DU nó<br>HZ nó<br>FU nó<br>VA nó<br>SQ nó<br>PO nó<br>FC nó<br>TS nó<br>BCFG nó<br>BLDU nó<br>BLSA nó<br>BLSN nó<br>DRDU nó<br>DRSA nó<br>DRSN nó<br>FZFG nó<br>MIFG nó<br>PRFG | |
| 12 | Scamall (É) [2] | Scamallacht agus néal-airde nó léargas ingearach (É) | FEWnnn<br>*nó*<br>SCTnnn nó<br>BKNnnn nó<br>OVCnnn | VVnnn<br>*nó*<br>VV/// | N<br>S<br>(c) | |
| | | An cineál scamaill (C) | CB nó TCU | — | | |
| 13 | Teocht (R) [3] | Ainm na heiliminte (É) | TX | | | |
| | | Uasteocht (É) | [M]nn/ | | | |
| | | An lá agus an tráth a bhí an uasteocht ann (É) | nnnnZ | | | |
| | | Ainm na heiliminte (É) | TN | | | |
| | | Íosteocht (É) | [M]nn/ | | | |
| | | An lá agus an t-am a bhí an íosteocht ann (É) | nnnnZ | | | |
| 14 | Athruithe suntasacha lena bhfuiltear ag súil i gcás ceann amháin nó níos mó de na heilimintí thuas le linn na tréimhse bailíochta (C) | Táscaire maidir le hathrú nó dóchúlachta (É) | PROB30 [TEMPO] nó PROB40 [TEMPO] nó BECMG nó TEMPO nó FM | | | |
| | | Tréimhse an tarlaithe nó an athraithe (É) | nnnn/nnnn nó nnnnnn | | | |
| | | Gaoth (C) | nnn[P]nn[G[P]nn]KT<br>nó<br>VRBnnKT | | | |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Gnáthléargas (C) | nnnn | | | (c)<br>A<br>V<br>R<br>K |
| | | Feiniméan aimsire: déine (C) | — nó + | — | N<br>S<br>W | |
| | | Feiniméan aimsire: saintréithe agus cineál (C) | DZ nó<br>RA nó<br>SN nó<br>SG nó<br>PL nó<br>DS nó<br>SS nó<br>FZDZ nó<br>FZRA nó<br>SHGR nó<br>SHGS nó<br>SHRA nó<br>SHSN nó<br>TSGR nó<br>TSGS nó<br>TSRA nó<br>TSSN | FG nó<br>BR nó<br>SA nó<br>DU nó<br>HZ nó<br>FU nó<br>VA nó<br>SQ nó<br>PO nó<br>FC nó<br>TS nó<br>BCFG nó<br>BLDU nó<br>BLSA nó<br>BLSN nó<br>DRDU nó<br>DRSA nó<br>DRSN nó<br>FZFG nó<br>MIFG nó<br>PRFG | | |
| 15 | | Scamallacht agus néal-airde nó an léargas ingearach (C) | FEWnnn nó<br>SCTnnn nó<br>BKNnnn nó<br>OVCnnn | VVnnn<br>*nó*<br>VV// | N<br>S<br>(c) | |
| | | An cineál scamaill (C) | CB nó TCU | — | | |

([1]) Le háireamh nuair is infheidhme. Gan cháiliú i gcás déine mheasartha.
([2]) Suas le ceithre shraith scamall.
([3]) Ina bhfuil suas le ceithre theocht ar a mhéad (dhá uasteocht agus dhá íosteocht).

| **Raonta agus taifigh le haghaidh na n-eilimintí uimhriúla in TAF** | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Tagairt | Eilimintí | | Raon | Taifeach |
| 1 | Treo na gaoithe: | ° fíor | 000-360 | 10 |
| 2 | Luas na gaoithe | KT | 00-99 | 1 |
| 3 | Léargas: | É | 0000-0750 | 50 |
| | | É | 0800-4 900 | 100 |
| | | É | 5 000–9 000 | 1 000 |
| | | É | 10 000 nó níos mó | 0 (luach seasta: 9 999) |
| 4 | Léargas ingearach: | Ina chéadtaí troigh | 000-020 | 1 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| 5 | Scamall: néal-airde: Ina chéadtaí troigh | 000-099<br>100-200 | 1<br>10 |
| 6 | Aertheocht (uasteocht agus íosteocht): °C | −80 – +60 | 1’ |

(34) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Fhoscríbhinn 4:

*‘Foscríbhinn 4*

**Teimpléad le haghaidh rabhaidh fhiaradh gaoithe**

*Eochair:*

É = cuimsiú éigeantach;

(c) = cuimsiú coinníollach, nuair is infheidhme.

*Nóta 1:* Taispeántar i bhFoscríbhinn 8 na raonta agus na taifigh le haghaidh na n-eilimintí uimhriúla i rabhaidh fhiaradh gaoithe.

*Nóta 2:* Is féidir teacht ar na mínithe ar na giorrúcháin i nDoiciméad 8400 ICAO Nósanna Imeachta le haghaidh Seirbhísí Aerloingseoireachta — Giorruithe agus Cóid ICAO (PANS-ABC).

*Nóta 3:* Ní áirítear uimhreacha ró sa cholún ‘Tagairt’ ach amháin ar mhaithe le soiléireacht agus le tagairt dóibh go héasca, agus ní cuid den rabhadh fhiaradh gaoithe iad.

| Tagairt | Eilimint | Ábhar mionsonraithe | Teimpléad/Teimpléid |
|---|---|---|---|
| 1 | Táscaire suímh an aeradróim (É) | Táscaire suímh an aeradróim | nnnn |
| 2 | An cineál teachtaireachta a shainaithint (É) | Cineál teachtaireachta agus sraithuimhir | WS WRNG [n]n |
| 3 | Am an tionscnaimh agus tréimhse bhailíochta (É) | Lá agus tráth eisiúna agus, i gcás inarb infheidhme, an tréimhse bhailíochta in AUL | nnnnnn [VALID TL nnnnnn] nó<br>[VALID nnnnnn/nnnnnn] |
| 4 | MÁS GO RUD É GO bhFUIL AN RABHADH FHIARADH GAOITHE LE CEALÚ, FÉACHTAR NA SONRAÍ AG DEIREADH AN TEIMPLÉID. | | |
| 5 | Feiniméan (É) | An feiniméan agus a shuíomh a shainaithint | [MOD] nó [SEV] WS IN APCH nó<br>[MOD] nó [SEV] WS [APCH] RWYnnn nó<br>[MOD] nó [SEV] WS IN CLIMB-OUT nó<br>[MOD] nó [SEV] WS CLIMB-OUT RWYnnn nó<br>MBST IN APCH nó<br>MBST [APCH] RWYnnn nó<br>MBST IN CLIMB-OUT nó<br>MBST CLIMB-OUT RWYnnn |
| 6 | Feiniméan breathnaithe, tuairiscithe nó réamhaisnéise (É) | Sainaithint cibé acu a dhéantar an feiniméan a bhreathnú nó a thuairisciú nó nach ndéantar agus má táthar ag súil go leanfaidh an feiniméan ar aghaidh, nó an ndéanfar é a thuar | REP AT nnnn nnnnnnnn nó<br>OBS [AT nnnn] nó<br>FCST |
| 7 | Sonraí an fheiniméin (C) | Tuairisc ar an bhfeiniméan is cúis le heisiúint an rabhaidh fhiaradh gaoithe | SFC WIND: nnn/nnKT nnnFT –<br>WIND: nnn/nnKT nó<br>nnKT LOSS nnNM (nó nnKM) FNA RWYnn nó<br>nnKT GAIN nnM (nó nnKM) FNA RWYnn |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | NÓ | | |
| 8 | Cealú an rabhaidh fhiaradh gaoithe | Cealú an rabhaidh fhiaradh gaoithe a thagraíonn dá shainaithint | CNL WS WRNG [n]n nnnnnn/nnnnnn' |

(35) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Fhoscríbhinn 5A:

*'Foscríbhinn 5*

**Teimpléad le haghaidh SIGMET agus AIRMET**

*Eochair:*

É = cuimsiú éigeantach;

(c) = cuimsiú coinníollach, nuair is infheidhme; agus

*Nóta 1:* Taispeántar na raonta agus na taifigh le haghaidh na n-eilimintí uimhriúla in SIGMET nó in AIRMET i bhFoscríbhinn 8.

*Nóta 2:* Níor cheart go n-áireofaí oighriú trom ná oighriú measartha (SEV ICE, MOD ICE) agus diansuaiteacht ná suaiteacht mheasartha (SEV TURB, MOD TURB) a bhaineann le stoirmeacha toirní, scamaill chumalainimbis nó cioclóin trópaiceacha.

*Nóta 3:* Ní áirítear uimhreacha ró sa cholún 'Tagairt.' ach amháin ar mhaithe le soiléireacht agus le tagairt dóibh go héasca, agus ní cuid de SIGMET ná de AIRMET iad.

| Tagairt | Eilimint | Ábhar mionsonraithe | Teimpléad SIGMET | Teimpléad AIRMET |
|---|---|---|---|---|
| 1 | Táscaire suímh FIR/CTA (É) | Táscaire suímh ICAO an aonaid ATS a fhónann do FIR nó do CTA dá dtagraíonn an SIGMET/AIRMET | nnnn | |
| 2 | Sainaithint (É) | Sainaithint agus sraithuimhir SIGMET nó AIRMET | SIGMET nnn | AIRMET [n][n]n |
| 3 | Tréimhse bhailíochta (É) | Grúpaí lae ina léirítear an tréimhse bhailíochta in AUL | Bailí nnnnnn/nnnnnn | |
| 4 | Táscaire suímh MWO (É) | Táscaire suímh MWO as a dtagann SIGMET nó AIRMET, le fleiscín deighilte | nnnn– | |
| 5 | Líne nua | | | |
| 6 | Ainm an FIR/CTA (É) | Táscaire suímh agus ainm FIR/CTA ar eisíodh an SIGMET/AIRMET ina leith | nnnn nnnnnnnnnn FIR<br>nó<br>UIR<br>nó<br>FM/UIR<br>nó nnnn nnnnnnnnnn CTA | nnnn nnnnnnnnnn<br>FIR[/n] |

| Tagairt | Eilimint | Ábhar mionsonraithe | Teimpléad SIGMET | Teimpléad AIRMET |
|---|---|---|---|---|
| 7 | MÁS RUD É GO bhFUIL AN SIGMET NÓ AIRMET LE CEALÚ, FÉACHTAR NA MIONSONRAÍ AG DEIREADH AN TEIMPLÉID. | | | |
| 8 | Táscaire stádais (C) [1] | Táscaire tástála nó táscaire feidhmithe | TEST nó EXER | TEST nó EXER |
| 9 | Líne nua | | | |
| 10 | Feiniméan (É) | Tuairisc ar an bhfeiniméan is cúis le heisiúint SIGMET/AIRMET | OBSC TS[GR]<br>EMBD TS[GR]<br>FRQ TS[GR]<br>SQL TS[GR]<br>TC nnnnnnnnnn PSN Nnn[nn] nó Snn[nn] nó Wnnn[nn] nó Ennn[nn] CB<br>*nó*<br>TC NN [2] PSN Nnn[nn] nó Snn [nn] Wnnn[nn] nó Ennn[nn]<br>SEV TURB<br>SEV ICE<br>SEV ICE (FZRA)<br>SEV MTW<br>HVY DS<br>HVY SS<br>[VA ERUPTION] [MT nnnnnnnnnn]<br>[PSN Nnn[nn] nó Snn[nn] Ennn [nn] nó Wnnn[nn]]<br>VA CLD<br>RDOACT CLD | SFC WIND nnn/nn[n]KT<br>SFC VIS [n][n]nnM (nn)<br>ISOL TS[GR]<br>OCNL TS[GR]<br>MT OBSC<br>BKN CLD<br>BKN CLD [n]nnn/[ABV][n] nnnnFT<br>*nó*<br>BKN CLD SFC/[ABV][n] nnnnFT<br>*nó*<br>OVC CLD [n]nnn/[ABV][n] nnnnFT<br>nó<br>OVC CLD SFC/[ABV][n] nnnnFT<br>ISOL CB<br>OCNL CB<br>FRQ CB<br>ISOL TCU<br>OCNL TCU<br>FRQ TCU<br>MOD TURB<br>MOD ICE<br>MOD MTW |
| 11 | Feiniméan breathnaithe nó tuartha (É) [3], [4] | Léiriú cibé acu a dhéantar nó nach ndéantar an fhaisnéis a bhreathnú agus má táthar ag súil go leanfaidh an feiniméan ar aghaidh, nó an ndéanfar é a thuar | OBS [AT nnnnZ] nó<br>FCST [AT nnnnnnZ] | |
| 12 | Suíomh (C) [3], [4], [5] | Suíomh (ag tagairt do dhomhanleithead agus do dhomhanfhad (i gcéimeanna agus nóiméid)) | Nnn[nn] Wnnn[nn] nó<br>Nnn[nn] Ennn[nn] nó<br>SNN[nn] Wnnn[nn] nó<br>SNN[nn] Ennn[nn]<br>*nó*<br>N OF Nnn[nn] nó<br>S OF Nnn[nn] nó<br>N OF Snn[nn] nó<br>S OF Snn[nn] nó<br>[AND]<br>W OF Wnnn[nn] nó<br>E OF Wnnn[nn] nó<br>W OF Ennn[nn] nó<br>E OF Ennn[nn]<br>*nó*<br>N OF Nnn[nn] nó N OF Snn[nn] AND S OF Nnn[nn] nó ó S OF Snn[nn]<br>*nó*<br>W OF Wnnn[nn] nó W OF Ennn[nn] AND E OF Wnnn[nn] nó E OF Ennn[nn] | |

| Tagairt | Eilimint | Ábhar mionsonraithe | Teimpléad SIGMET | Teimpléad AIRMET |
|---|---|---|---|---|
| | | | *nó*<br>N OF LINE nó NE OF LINE nó E OF LINE nó SE OF LINE nó S OF LINE nó SW OF LINE nó W OF LINE nó NW OF LINE Nnn[nn] nó Snn[nn] Wnnn[nn] nó Ennn[nn] – Nnn[nn] nó Snn[nn] Wnnn [nn] nó Ennn[nn] [– Nnn[nn] nó Snn[nn] Wnnn[nn] nó Ennn [nn]] [– Nnn[nn] nó Snn[nn] Wnnn[nn] nó Ennn[nn]] [AND N OF LINE nó NE OF LINE nó E OF LINE nó SE OF LINE nó S OF LINE nó SW OF LINE nó W OF LINE nó NW OF LINE Nnn[nn] nó Snn[nn] Wnnn[nn] nó Ennn[nn] – Nnn[nn] nó Snn[nn] Wnnn [nn] nó Ennn[nn] [– Nnn[nn] nó Snn[nn] Wnnn[nn] nó Ennn [nn]] [– Nnn[nn] nó Snn[nn] Wnnn[nn] nó Ennn[nn]]]<br>*nó*<br>WI Nnn[nn] nó Snn[nn] Wnnn[nn] nó Ennn[nn] – Nnn[nn] nó Snn[nn] Wnnn[nn] nó Ennn[nn] – Nnn[nn] nó Snn[nn] Wnnn [nn] nó Ennn[nn] – [Nnn[nn] nó Snn[nn] Wnnn[nn] nó Ennn[nn] – Nnn[nn] nó Snn[nn] Wnnn[nn] nó Ennn[nn]] (6)<br>nó ENTIRE UIR<br>nó ENTIRE FIR<br>nó ENTIRE FIR/UIR<br>nó ENTIRE CTA<br>nó WI nnnKM (nó nnnNM) OF TC CENTRE (7)<br>nó WI nnKM (nó nnNM) OF Nnn[nn] nó Snn[nn] nó Wnnn[nn] nó Ennn[nn] (8) | |
| 13 | Leibhéal (C) | Leibhéal eitilte nó airde na heitilte | [SFC/]FLnnn nó<br>[SFC/][n]nnnnFT (or [SFC/]nnnnM)<br>FLnnn/nnn nó<br>TOP FLnnn nó<br>[TOP] ABV FLnnn nó (or [TOP] ABV [n]nnnnFT) [[n]nnnn/][n]nnnnFT) nó [n]nnnnFT/]FLnnn<br>nó TOP [ABV nó BLW] FLnnn (7) | |
